Oifig An Chigire Príosún
Office of the Inspector of Prisons

Tuarascáil Bhliantúil 2021

Oifig An Chigire Príosún
Office of the Inspector of Prisons

2021 TOP LINE DATA

12
Covid-19 Thematic Inspections completed and
Reports submitted to the Minister of Justice.

8
Inspection Reports Published

15
Systemic Recommendations
Made to 6+ Prisons

18 Death in Custody Investigation Reports were submitted to the Minister of Justice and 10 Reports published

78
Prisoner Category A Complaint Investigation Reports Reviewed

45
Recommendations following 18 Death in Custody Investigation Reports

3
Information Sessions provided by OIP to IPS Recruits

168
Rule 44 Letters received from Prisoners and replied to

Clár an Ábhair

RÉAMHRÁ **6**

1 INTREOIR **8**

1.1 Feidhmeanna Oifig an Chigire Príosún 8

1.2 An Fhoireann, Ár Misean, Ár Luachanna & Ár bhFís 9

2 ÁR RÁITIS UAILLMHÉINE 2020 – 2023 **11**

2.1 Ár Ráitis Uaillmhéine 11

2.2 Ár bhFís a Bhaint Amach 11

3 RIALACHAS **13**

3.1 Rialuithe Inmheánacha 13

3.2 Comhaontú Maoirseachta 13

3.3 Comhaontú Feidhmíochta 14

4 ÉACHTAÍ – CIGIREACHT AGUS IMSCRÚDÚ **17**

4.1 Cigireachtaí 17

4.2 Imscrúduithe 25

5 GEARÁIN **28**

6 LITREACHA Ó PHRÍOSÚNAIGH (RIAIL 44) **33**

7 SCÉIM GHINEARÁLTA DON DRÉACHTBHILLE UM CHIGIREACHT A DHÉANAMH AR IONAID CHOINNEÁLA **35**

8 GNÍOMHAÍOCHTAÍ & IMEACHTAÍ **36**

8.1 Rannphairtíocht Tras-Rannach 36

8.2 Intéirneactaí 36

8.3 Imeachtaí ar Glacadh Páirt iontu nó ar Freastalaíodh orthu 36

8.4 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 38

9 FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH **39**

9.1 Prótacail COVID-19 39

9.2 Cúrsaí Airgeadais 39

9.3 Nochtuithe Cosanta 39

9.4 Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí 40

9.5 Saoráil Faisnéise/GDPR 40

9.6 Oiliúint 40

RÉAMHRÁ

A Aire,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2021 Oifig an Chigire Príosún a chur i láthair. Creidim go bhfuil an tuarascáil seo ina léiriú ar an ról ríthábhachtach a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar phríosúin agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann i ndáil le tuairisciú a dhéanamh ar chaighdeáin chearta an duine agus reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh.

Ní raibh an Oifig saor ó na dúshláin ar tugadh aghaidh orthu ar fud na cruinne mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19 agus is laistigh den chomhthéacs sin ar mhaith liom aitheantas a thabhairt don fhoireann as ucht a gcuid saineolais, gairmiúlachta agus díograise i ndáil lenár spriocanna don bhliain a bhaint amach, agus iad a shárú i gcásanna áirithe. Inár bPlean Straitéiseach 2020-2023, leagamar amach an méid a bhí i gceist againn a bhaint amach faoin mbliain 2023 agus cuirtear forléargas ar fáil sa tuarascáil seo ar an obair a rinneamar le linn na bliana 2021.

Ba é 2021 an chéad bhliain inar cuireadh cigireachtaí príosúin i gcrích i gcomhréir lenár *gCreat Cigireachta do Phríosúin in Éirinn* (2020). I gcaitheamh na bliana bhí an 12 phríosún ar fad in Éirinn faoi réir cigireachta agus cuireadh tuarascálacha isteach chuig an Aire Dlí agus Cirt, agus foilsíodh ocht gcinn díobh faoi dheireadh na bliana. Tá sé tábhachtach go bhfoilseofaí na tuarascálacha eile chomh luath agus is féidir ionas go mbeadh maoirseacht na bpríosún trédhearcach agus inrochtana ag an bpobal.

I gCuid 4.1 den tuarascáil seo, cuirtear forléargas ar fáil maidir leis an bpróiseas cigireachta, torthaí, moltaí agus monatóireacht leanúnach. I gCuid 4.2, cuirtear faisnéis achomair ar fáil maidir leis na hImscrúduithe a cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana. I gCodanna 5 agus 6, cuirtear faisnéis ar fáil maidir le Gearáin ó phríosúnaigh agus litreacha ó phríosúnaigh.

Ní chuirfidh mé mionsonraí ar fáil anseo maidir leis na torthaí a fuaireamar ónár bhfeidhmeanna reachtúla toisc go gcuirtear iad ar fáil go mion i gcorp na tuarascála. Mar sin féin, ba mhaith liom dhá réimse a roghnú ar fiú aird faoi leith a thabhairt orthu.

Ar an drochuair, i mbliana arís, tugaimid tuairisc ar chóras gearáin príosúnach nach bhfuil oiriúnach don fheidhm. In ainneoin fianaise bheith á cur ar fáil bliain i ndiaidh bliana go bhfuil an próiseas lochtach, tá an *status quo* i réim i gcónaí. Ní féidir glacadh leis go séantar córas gearáin cothrom agus éifeachtach ar dhaoine atá i bpríosún in Éirinn. Is léiriú ar an tosaíocht atá á tabhairt don chóras reatha nach bhfuil córas eile ag teacht ina áit.

Tá an Prótacal Roghnach a Ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh Céasadh (OPCAT) ina chonradh idirnáisiúnta um chearta an duine ina gcuidítear le tíortha cosc a chur le céasadh agus cineálacha eile drochíde in ionaid choinneála. Leagadh sprioc amach i gClár an Rialtais chun an Coinbhinsiún a dhaingniú faoi dheireadh na bliana 2021. Tá súil agam go bhfíorófar an sprioc seo sa bhliain 2022.

Táim lánchinnte go leanfaidh Oifig an Chigire Príosún de gach iarracht a dhéanamh chun ionchur dearfach agus fiúntach a chur ar fáil i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar phríosúin sna blianta atá amach romhainn.

Ar deireadh, agus an Tuarascáil Bhliantúil dheireanach á cur ar fáil agam mar Chigire Príosún, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na daoine atá faoi choimeád i bpríosúin, teaghlaigh agus

ionadaithe na sochaí sibhialta as dul i dteagmháil linn. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na baill foirne i Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus sa Roinn Dlí agus Cirt a ndeachamar i dteagmháil leo i gcaitheamh na bliana.



Patricia Gilheaney
An Cigire Príosún (An Príomhchigire)
An 16 Feabhra 2021

1 INTREOIR

1.1 Feidhmeanna Oifig an Chigire Príosún

Bunaíodh Oifig an Chigire Príosún i mí Eanáir 2007 de bhun Alt 30 d'Acht na bPríosún 2007 ("An tAcht"). An tAire Dlí agus Cirt a cheapann an Cigire Príosún chun na feidhmeanna a thugtar di/dó i gCuid 5 den Acht a chomhlíonadh. Ceapadh an Cigire reatha an 7 Bealtaine 2018 ar feadh téarma oifige cúig bliana faoi réir fhorálacha Alt 30 den Acht. Tá an Cigire Príosún neamhspleách agus í i mbun a cuid feidhmeanna.

Is é bunfheidhm aon fhorais cigireachta cigireachtaí a dhéanamh agus is amhlaidh an cás maidir le ról an Chigire Príosún. Le hAlt 31(1) den Acht leagtar oibleagáid ar an gCigire Príosún cigireachtaí rialta a dhéanamh ar phríosúin. Cé nach bhfuil sainmhíniú sa reachtaíocht ar 'cigireachtaí rialta', de réir an chleachtais idirnáisiúnta is iondúil san earnáil seo go ndéantar cigireacht iomlán gach trí bliana.

Le cois cigireachtaí, d'fhéadfadh an tAire Dlí agus Cirt iarraidh ar an gCigire Príosún fiosrúchán a dhéanamh ar aon ghnó a d'éireodh as bainistiú nó feidhmiú príosúin, agus má iarrtar, tá sé d'oibleagáid uirthi an fiosrúchán a dhéanamh. D'fhéadfadh an Cigire fiosrúchán a dhéanamh as a stuaim féin.

Is é seo a leanas ról an Chigire Príosún:

- Cigireacht a dhéanamh ar na 12 phríosún uile in Éirinn ar bhonn rialta (tá ceann amháin dúnta go sealadach ó bhí mí Bealtaine 2017 ann i gcomhair athfheidhmiú agus athchóiriú);
- Fiosrúcháin a dhéanamh faoi bhás daoine faoi choimeád agus bás aon duine atá ar scaoileadh sealadach a tharlaíonn laistigh de mhí amháin dá scaoileadh saor;
- Imscrúdú a dhéanamh dá toil féin ar aon cheist a thagann chun cinn i ndáil le príosún a bhainistiú nó a fheidhmiú nó arna iarraidh ag an Aire Dlí agus Cirt;
- Litreacha ó phríosúnaigh a fháil agus iad a fhreagairt de réir Riail 44 de na Rialacha Príosún 2007-2020;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chóras gearáin príosúnach Sheirbhís Príosún na hÉireann agus dul i mbun na bhfeidhmeanna atá sannta de bhun Riail 57B de Rialacha na bPríosún 2007-2017;
- Ní feidhm de chuid an Chigire é gearán príosúnach aonair a fhiosrú nó breith a dhéanamh air, ach féadann sí na cúinsí a bhaineann le gearán príosúnaigh a scrúdú más gá agus í i mbun a cuid feidhmeanna (Alt 31(6) d'Acht na bPríosún 2007).

Níl d'údarás reachtúil ag an gCigire Príosún tuarascálacha cigireachta, tuarascálacha maidir le himscrúdú ná tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú. Ar aon dul le hAilt 31 nó 32 den Acht, faoi mar is infheidhme, a luaithe agus is praiticiúil i ndiaidh tuarascáil a fháil ón gCigire Príosún, caithfidh an tAire, faoi réir na caveat a leanas, an tuarascáil a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus a fhoilsiú.

Féadann an tAire aon ghnó sa tuarascáil atá le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais a fhágáil ar lár más dóigh léi:

1. D'fhéadfadh a nochtadh dul i bhfeidhm go diúltach ar shlándáil an phríosúin nó an Stáit, nó
2. I ndiaidh dul i gcomhairle le hArd-Rúnaí an Rialtais, dá nochtfaí é
    a. nach mbeadh sé chun leasa an phobail, nó
    b. go bhféadfadh sé cearta bunreachta duine ar bith a shárú.

Nuair a fhágtar aon ní ar lár ar an gcaoi seo, ní mór a leithéid de ráiteas a cheangal leis an tuarascáil atá i gceist nuair a chuirtear faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais é agus nuair a fhoilsítear é.

1.2 An Fhoireann, Ár Misean, Ár Luachanna & Ár bhFís

An Fhoireann

Chuaigh seisear isteach san fhoireann le linn na bliana (1 Chigire Sinsearach, 3 Cigirí agus 3 bhaill foirne um Thacaíocht Riaracháin). D'aistrigh Fiona Feeney, Bainisteoir na hOifige, chuig gníomhaireacht eile atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt i mí Iúil 2021. Chuaigh Eve Farrelly isteach san OIP mar Chigire i mí Eanáir 2021 agus d'aistrigh chuig an tSeirbhís Chúirteanna i ndiaidh ardú céime a fháil i mí Mheán Fómhair 2021. Amhail an 31 Nollaig 2021, chuimsigh Baill Foirne san OIP an méid a leanas:

An 1 Eanáir 2021	An 31 Nollaig 2021
An Príomhchigire Príosún Patricia Gilheaney	**An Príomhchigire Príosún** Patricia Gilheaney
Cigire Sinsearach Helen Casey	**Cigire Sinsearach** Helen Casey
Cigire Sinsearach An Dr Ciara O'Connell	**Cigire Sinsearach** An Dr Ciara O'Connell
Cigire John Byrne	**Cigire Sinsearach** Kevin Hyland (Aibreán 2021)
Cigire Fiona O'Dea	**Príomhoifigeach Cúnta** Feargal MacSuibhne (Iúil 2021)
Anailísí Sonraí An Dr Douglas Nanka-Bruce	**Cigire** John Byrne
Oifigeach Riaracháin Fiona Feeney	**Cigire** Fiona O'Dea
Oifigeach Feidhmiúcháin Ross Donegan	**Cigire** Mark Wolfe (Eanáir 2021)
	Cigire Robert Bradley (Eanáir 2021)
	Cigire Michelle Martyn (Aibreán 2021)
	Anailísí Sonraí Douglas Nanka-Bruce
	Ardoifigeach Feidhmiúcháin Gerard Connor (Nollaig 2021)
	Oifigeach Feidhmiúcháin Ross Donegan
	Oifigeach Cléireachais

Marie Therese Coghlan (Eanáir 2021)

Cuireadh cás gnó isteach chuig an Roinn Dlí agus Cirt i mí Dheireadh Fómhair 2021 chun folúntais cigire a líonadh agus i ndáil le post amháin mar thaighdeoir agus tacaíocht riaracháin bhreise agus tá an OIP ag feitheamh ar thoradh na haighneachta seo.

Ár Misean

Is é Misean an Chigire Príosún tacú le barr feabhais i ndáil le seachadadh agus torthaí i bpríosúin na hÉireann trí chlár neamhspleách cigireachtaí agus imscrúduithe.

Ár Luachanna

Le linn dúinn ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh, tacóidh foireann na Cigireachta leis na luachanna seo a leanas i ngach rud a dhéanaimid agus sa dóigh a ndéanaimid é.

- Neamhspleáchas agus Neamhchlaontacht

Beidh an Chigireacht cothrom agus réasúnta i gcónaí i ndáil lena dualgais a chomhlíonadh agus beidh conclúidí bunaithe ar fhianaise. Beidh an tuairisceoireacht oscailte agus úsáidfear torthaí atá bunaithe ar fhianaise chun tionchar a imirt ar bheartas agus cleachtas.

- Dírithe ar Chearta an Duine

Beidh príomhchúram i leith cearta an duine ag croílár gach rud a dhéanann an Chigireacht. Bainfidh an príomhchúram seo le príosúnaigh, baill foirne agus daoine eile a thagann i dteagmháil le Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS);

- Trédhearcach agus Comhoibríoch

Foilseoidh an Chigireacht a cur chuige i ndáil le cigireachtaí agus imscrúduithe agus, chomh maith leis sin, na caighdeáin a bhfuil sé ag súil leo in IPS. Is é an aidhm atá ann oibriú i gcomhairle le bainistíocht IPS, baill foirne túslíne agus príosúnaigh chun comhlíonadh agus dea-chleachtas a chur chun cinn agus torthaí níos fearr a bhaint amach. Chomh maith leis sin, rachaidh an Chigireacht i gcomhairle le páirtithe leasmhara barrthábhachtacha eile;

- Cumasach agus Córasach

Beidh cur chuige gairmiúil agus struchtúrtha ag an gCigireacht i ndáil le Cigireacht agus Imscrúdú agus, chomh maith leis sin, i ndáil lena cuid torthaí, conclúidí agus moltaí a chur in iúl.

Ár bhFís don Todhchaí

De réir mar atá luaite inár bPlean Straitéiseach 2020-2023 (a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020), is é an Fhís atá againn don Chigireacht faoin mbliain 2023 go mbainfear amach “réimeas láidir coisctheach maidir le cigireacht a dhéanamh ar phríosúin in Éirinn agus imscrúdú a dhéanamh ar bhásanna faoi choimeád, nó imscrúduithe eile a bhaineann le bainistiú nó feidhmiú príosúin, a dtugtar aitheantas in leith go gcomhlíontar nó go sáraítear riachtanais náisiúnta agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta.”

2 ÁR RÁITIS UAILLMHÉINE 2020 – 2023

2.1 Ár Ráitis Uaillmhéine

D'fhonn ár bhfís a fhíorú, d'fhoilsíomar sraith de cheithre Ráiteas Uaillmhéine. Is léiriú soiléir iad seo ar na torthaí ar leith a bhfuil sé mar aidhm ag an gCigireacht iad a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2023 – atá ag brath, ar ndóigh, ar acmhainní a cheadú agus dialóg fhiúntach le IPS agus páirtithe leasmhara eile.

Réimeas láidir, coisctheach de chigireachtaí neamhspleácha ar Phríosúin a chur chun cinn ina gcuirtear ardchaighdeán chun cinn agus ina gcosnaítear cearta an duine.

- Clár cuimsitheach agus córasach cigireachtaí ar phríosúin na hÉireann atá neamhspleách, trédhearcach, dírithe ar chosc agus atá i gcomhréir le gach riachtanas náisiúnta agus oibleagáidí agus dea-chleachtas náisiúnta nó a sháraíonn iad.

Réimeas láidir a chur ar fáil maidir le himscrúdú a dhéanamh ar bhásanna faoi choimeád agus/nó ar aon cheist a thagann chun cinn i ndáil le príosún a fheidhmiú nó a bhainistiú

- Imscrúduithe neamhspleácha, tráthúla agus trédhearcacha a dhéanamh ar gach Bás faoi Choimeád nó imscrúduithe a dhéanamh ar aon cheist a thagann chun cinn i ndáil le príosún a fheidhmiú nó a bhainistiú de réir mar a chinneann an Príomhchigire Príosún.

Muinín a chur ar fáil don phobal i ndáil le gearáin a láimhseáil

- Maoirseacht a dhéanamh ar an bPróiseas Gearáin Príosúnach ar bhealach ina bhfaightear muinín príosúnach, ball foirne agus an phobail agus atá láidir agus cothrom.

Forbairt a dhéanamh ar iontaoibh an phobail as obair na cigireachta

- Forbairt a dhéanamh ar iontaoibh an phobail go gcomhlíonann an Chigireacht a sainordú agus feidhm reachtúil trí láidreacht, cuimsitheacht agus neamhspleáchas chreat cigireachta, chláir oibre agus thorthaí na Cigireachta a léiriú.

2.2 Ár bhFís a Bhaint Amach

Trí chlár pleanáilte gníomhaíochta ar fud gach réimse den Chigireacht, ina gcuimsítear seacht gcuspóir aitheanta, bainfear ár ráitis uaillmhéine agus ár bhfís amach. Tugtar léiriú i **dTábla 1** ar na cuspóirí seo agus ar an mbaint atá acu le seachadadh.

Tábla 1: Ráitis Uaillmhéine a Bhaint Amach

Ráitis Uaillmhéine → Cuspóirí ↓	1. Réimeas láidir, coisctheach de chigireachtaí neamhspleácha ar Phríosúin a chur chun cinn ina gcuirtear ardchaighdeán chun cinn agus ina gcosnaítear cearta an duine	2. Réimeas láidir a chur ar fáil maidir le himscrúdú a dhéanamh ar SAInna (lena n-áirítear DiCanna) i bpríosúin agus ar aon cheist a thagann chun cinn i ndáil le príosún a fheidhmiú nó a bhainistiú	3. Muinín a chur ar fáil don phobal i ndáil le gearáin a láimhseáil	4. Forbairt a dhéanamh ar iontaoibh an phobail as obair na cigireachta	5. Sainordú breisithe ar fud ionaid choinneála sonraithe eile sa chóras dlí agus cirt a chomhlíonadh	6. An réimse gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun tacú leis an NPM nó chun é a chomhordú a chomhlíonadh
1. Déanfaimid creat, cuir chuige agus próisis a fhorbairt agus a choinneáil chun buntacú le réimis láidre i ndáil le cigireacht agus imscrúdú agus maoirseacht a dhéanamh ar ghearáin ó phríosúnaigh	✓	✓	✓	✓		
2. Cuirfimid an tsamhail oibriúcháin nua a i bhfeidhm atá ag teastáil chun ár misean agus dualgais reachtúla a bhaint amach i gcomhréir le riachtanais agus oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta	✓	✓	✓	✓	✓	✓
3. Tabharfaimid faoi chlár láidir cigireachta ar fud phríosúin ar fad na hÉireann agus cloífimid leis	✓			✓		
4. Déanfaimid imscrúdú tréan agus tráthúil ar na DiCanna agus SAInna ar fad de réir mar a aithníonn an Cigire		✓		✓		
5. Forbróimid agus coinneoimid caidrimh chomhoibríocha le heagraíochtaí is comhpháirtí agus le líonraí idirnáisiúnta	✓	✓	✓			
6. Beimid ullamh i gcónaí chun tabhairt faoi dhualgais bhreise de réir mar a éilíonn an Rialtas					✓	✓
7. Cuirfimid feidhm mhaoirseachta luachmhar ar fáil i ndáil le próiseas gearán príosúnach IPS			✓	✓		

3 RIALACHAS

3.1 Rialuithe Inmheánacha

Cuireadh an fhoráil "comhlíonadh nó míniú" den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) i bhfeidhm i leith Oifig an Chigire Príosún. Toisc go dtagann an Oifig faoin Vóta Dlí agus Cirt (Vóta 24), níl a hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ná a Coiste Iniúchóireachta agus Riosca féin aici. Ní cheanglaítear uirthi Ráitis Bhliantúla Airgeadais a thabhairt ar láimh ach oiread. Tá rochtain ag an Oifig ar fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Riosca na Roinne maidir le nithe rialachais airgeadais. Tuairiscíonn Aonad Bainistíochta Airgeadais na Roinne ar ioncam agus caiteachas na hOifige sna tuarascálacha míosúla bainistíochta uaidh. Caitheann an Cigire súil ar na tuarascálacha míosúla ansin. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go n-údarófar aon chaiteachas de réir bheartais agus nósanna imeachta na Roinne. Comhlíonann an Oifig na hoibleagáidí atá uirthi faoin dlí cánach.

Tá sé de dhualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn cistí poiblí a láimhseáil go cúramach, agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Is é an Cód Caiteachais Phoiblí an tacar rialacha agus nósanna imeachta a chinntíonn go gcloítear leis na caighdeáin seo ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann. Chloígh Oifig an Chigire Príosún le gach gné ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 go ndéanfar Ráiteas um Rialuithe Inmheánacha (SIC) a sholáthar. Baineann an SIC le gach rialú atá i bhfeidhm in Oifig an Chigire Príosún, lena n-áirítear ceisteanna ICT. Ar an 25 Feabhra 2021, dhearbhaigh an Rannán IM&T sa Roinn Dlí agus Cirt, de réir mar is fearr is eol dóibh agus a chreideann siad, go raibh rialuithe ICT, mar a leagtar amach i Ráiteas Dearbhaithe, i bhfeidhm agus ag feidhmiú go héifeachtach.

D'fhorbair Oifig an Chigire Córas Bainistíochta Riosca agus Clár Rioscaí gaolmhar a ndéantar a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Leagtar amach sa Chlár Rioscaí na rialuithe reatha maidir le rioscaí a mhaolú mar aon le gníomhartha chun rialuithe a fheabhsú. Cuireadh cóip nuashonraithe den Chlár Rioscaí ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt sa bhliain 2020.

Cuireadh gníomhaíocht sholáthair na hOifige sa bhliain 2021 i gcrích i gcomhairle le hoifigigh na roinne agus i gcomhréir leis na treoirlínte um sholáthar poiblí.

3.2 Comhaontú Maoirseachta

I gcomhréir le heagrán 2016 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, comhaontaíodh comhaontú maoirseachta idir Oifig an Chigire Príosún agus an Roinn Dlí agus Cirt i mí Bealtaine 2020. Leagtar amach sa Chomhaontú, a leanfaidh ar aghaidh go dtí deireadh na bliana 2022, an creat leathan rialachais agus cuntasachta ina bhfeidhmíonn an OIP agus sainmhínítear na róil agus freagrachtaí atá mar bhonn faoin gcaidreamh idir an OIP agus an Roinn.

I gcomhréir le Cuid 3 den Chomhaontú, tionóladh trí chruinniú foirmiúil maidir le rialachas idir oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Oifig an Chigire Príosún le linn na bliana 2021:

- An 11 Márta 2021
- An 15 Iúil 2021
- An 13 Nollaig 2021

3.3 Comhaontú Feidhmíochta

Comhaontaíodh Comhaontú Soláthair Feidhmíochta don bhliain 2021, atá comhlántach don Chomhaontú Maoirseachta, idir an Roinn agus Oifig an Chigire Príosún an 15 Márta 2021.

Is é an cuspóir atá leis an gComhaontú, i gcomhthéacs na n-ionchur acmhainní a chuirtear ar fáil, na spriocanna a leagan amach ar tríothu sin a ndéanfar feidhmíocht Oifig an Chigire Príosún (OIP) don bhliain 2021 a thomhas. Tá na spriocanna comhaontaithe seo leagtha amach i **dTábla 2** thíos. Mar gheall ar bhearta sláinte poiblí agus thiomantas an OIP don phrionsabal "gan aon dochar a dhéanamh", measadh nach mbeadh sé cuí cigireacht ghinearálta ar phríosúin a chur i gcrích sa bhliain 2021, a mbeadh sé i gceist leis sin go rachadh foirne móra cigireachta isteach i bpríosúin ar feadh tréimhsí fada ama (féach leathanach 11). Mar fhreagra ar an riosca i ndáil le hionfhabhtú COVID-19 a scaipeadh, dheisigh an OIP a sceideal cigireachta toisc gur measadh go raibh sé ríthábhachtach cigireacht a dhéanamh ar na príosúin ar fad le linn na paindéime, agus dá bhrí sin, rinneadh an cinneadh Cigireachtaí Téamacha COVID-19 a chur i gcrích ar fud na bpríosún ar fad in Éirinn. I ngach Cigireacht Théamach COVID-19, glacadh cur chuige forleathan i ndáil le cigireacht agus clúdaíodh gach Réimse Fócais um chigireacht, dá bhforáiltear in *Creat Cigireachta do Phríosúin in Éirinn (2020).* Cuireadh an tiontú cuir chuige seo, mar gheall ar COVID-19, in iúl don Roinn Dlí agus Cirt ag tús na bliana 2021.

Tá na meicníochtaí i ndáil le feidhmíocht a mhonatóiriú agus a mheas ina gcuid de na socruithe rialachais foriomlána idir an dá pháirtí agus is dá réir sin atá siad leagtha amach sa Chomhaontú Maoirseachta 2020 -2022.

Chomh maith leis sin, leagadh amach sa Chomhaontú na príomhrioscaí ar aithníodh go bhféadfaidís tionchar a imirt ar chumas chun na spriocanna agus bearta maolaithe a bhaint amach.

Tábla 2: Spriocanna i ndáil le Comhaontú Feidhmíochta

Réimse nó tionscnamh aschuir	Méadrach	Cuspóir straitéiseach gaolmhar	Sprioc 2021	Táirgeacht 2021	Trácht
Cigireacht Phríosúin	Tuairisc Chigireachta Iomlán curtha isteach chuig an Aire faoi dheireadh R4	1, 3	**1**	**0**	Athbhreithniú déanta ar an straitéis chigireachta i bhfianaise na paindéime COVID-19, cinneadh déanta chun cigireacht a dhéanamh ar na príosúin ar fad, OIP ag cloí leis an bprionsabal gan aon dochar a dhéanamh.
Cigireachtaí Téamacha / Dírithe	Tuarascálacha Téamacha/Dírithe (bainistiú a dhéanamh ar COVID) curtha isteach chuig an Aire faoi dheireadh R3	1, 3	**1**	**12**	Tá an sprioc sáraithe.
Imscrúduithe ar Bhás faoi Choimeád	% den riaráiste i dtuarascáil imscrúdaithe um Bhás faoi Choimeád glanta	4	**53%**	**66.7%**	Tá an sprioc sáraithe.
Litreacha a fuarthas ó phríosúnaigh faoi Riail 44 de Rialacha na bPríosún	% de chomhfhreagras ó phríosúnaigh faoi Riail 44 aitheanta laistigh de chúig lá oibre % de fhreagraí deiridh a eisíodh laistigh de 20 lá oibre	1	**100%** **100%**	**48%** **41%**	Tugadh freagra ar gach litir a fuarthas. Bhí an mhoill maidir leis an sprioc cúig lá a chailleadh ann mar gheall ar thascanna riaracháin a bhain le feidhmeanna reachtúla eile. Faoi dheireadh na bliana, bhí trí fhreagra substainteach litir Riail 44 a bhí fós le réiteach.
Athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin ó phríosúnaigh Catagóir A	% de ghearáin Catagóir A a athbhreithníodh laistigh de 20 lá ar iad a fháil	7	**100%**	**91.3%**	Fuair an OIP gearáin Catagóir A nár athbhreithníodh faoi dheireadh na bliana i ndeireadh mhí na Nollag 2021.
	% de bhaill foirne a ionduchtaítear i ndiaidh a gceaptha faoi dheireadh R1	2	**100%**	**100%**	

Réimse nó tionscnamh aschuir	Méadrach	Cuspóir straitéiseach gaolmhar	Sprioc 2021	Táirgeacht 2021	Trácht
Ionduchtú, Foghlaim agus Forbairt	% de bhaill foirne a gcuirtear oiliúint shaincheaptha orthu maidir le feidhmeanna reachtúla an OIP faoi dheireadh R1		**100%**	**100%**	

4 ÉACHTAÍ – CIGIREACHT AGUS IMSCRÚDÚ

4.1 Cigireachtaí

In ainneoin na ndúshlán a bhí i gceist le COVID-19, rinneadh cigireacht ar gach príosún in Éirinn agus cuireadh tuarascálacha maidir le himscrúdú isteach chuig an Aire Dlí agus Cirt i gcaitheamh na bliana. Mar gheall chúrsaí maidir le COVID-19, agus tiomantas don phrionsabal "gan aon dochar a dhéanamh", leasaigh an OIP a sceideal cigireachta ó thrí Chigireacht Ghinearálta (a chuimsigh foirne móra ina raibh níos mó ná deichniúr agus a mhair ar feadh thart ar coicís), chuig cigireachtaí níos giorra (a chuimsigh foirne beaga ina raibh thart ar bheirt nó ceathrar cigirí) a dhéanamh ar na príosúin ar fad. Chuir an OIP dhá Chigireacht Téamacha déag maidir le COVID-19 i gcrích, ar chuir an Suirbhé Foirne maidir le COVID-19 leo.

Bhí cuairteanna Cigireachta Téamacha COVID-19 ina gcuairteanna fógartha gearra a mhair idir dhá agus trí lá, arbh é príomhchúram na cuairte an bealach ina ndeachaigh COVID-19 orthu agus inar imir sé tionchar orthu. Cuireadh leis an bhfaisnéis a fuarthas ó chigireachtaí trí ghlaonna a chur ar príosúin,[1] cumarsáid leanúnach le Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS), lenar áiríodh nuashonruithe maidir leis an staid COVID-19 mar aon le suirbhé foirne ar líne a scaipeadh i mí Aibreáin/Bealtaine 2021.[2]

Cuireadh Cigireachtaí Téamacha COVID-19 i gcrích ar bhonn córasach agus de réir riosca, i gcomhréir le Prótacal um Ionfhabhtú a Rialú Oifig an Chigire Príosún. Bunaithe ar fhaisnéis inmheánach agus faisnéis a fuarthas ón IPS, chinn an Chigireacht dá mbeadh cuairt chuig príosún (i) ag teastáil i bhfianaise an riosca, agus (ii) i gcomhréir leis an bprionsabal "gan aon dochar a dhéanamh" (a chinntiú go seachnaítear an riosca trí bheart coisctheach). Tugadh fógra i leith Cigireachtaí Téamacha COVID-19, agus fógra 24 huaire ar a laghad á thabhairt do phríosúin roimh an gcigireacht.

Is iad na Réimsí Fócais i ndáil le gach cigireacht den OIP, lena n-áirítear na cigireachtaí Téamacha COVID-19, ná: Meas & Dínit, Sábháilteacht & Slándáil, Sláinte & Folláine, Athshlánú & Forbairt agus Athlonnú, de réir mar a leagtar amach sa *Creat Cigireachta do Phríosúin in Éirinn* 2020. Laistigh den chúig Réimse Fócais, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar roinnt téamaí le linn cigireachtaí, re réir mar a leagtar amach i bhFíor 1.

Fíor 1: An Próiseas do Chigireachtaí Téamacha COVID-19



[1] OIP. Teimpléad Glaonna COVID-19 (2021).
[2] OIP, Suirbhé ar Fhoirne Príosúin COVID-19 30 Aibreán-16 Bealtaine 2021, foilsithe an 20 Nollaig 2021.

An Stádas maidir le Tuarascálacha Cigireachta Téamacha COVID-19

Cuireadh gach aon cheann den dá Thuarascáil Chigireachta Téamacha déag COVID-19 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt sa bhliain 2021, agus foilsíodh ocht dtuarascáil faoi dheireadh na bliana. Cuirtear forléargas ar fáil i **dTábla 3** ar ghníomhaíocht maidir le Cigireacht Théamach COVID-19 don bhliain 2021.

Tábla 3: Cigireachtaí Téamacha COVID-19

Príosún	Dátaí na Cigireachta	Dréacht-Tuarascáil chuig IPS	Plean Gníomhaíochta / tráchtanna a fuarthas ó IPS	Tuarascáil Dheiridh Curtha faoi Bhráid an Aire	Stádas maidir le Foilsiú an 31/12/21
Príosún na bhFear Mhuinseo	1 - 3 Márta	24 Márta	15 Aibreán	5 Bealtaine	3 Lúnasa
Príosún Chnoc na Seamar	18 - 19 Márta	13 Aibreán	4 Bealtaine	5 Bealtaine	3 Lúnasa 2021
Príosún Pháirc na Cruithneachta	6 - 7 Aibreán	10 Bealtaine	28 Bealtaine	15 Meitheamh	3 Lúnasa 2021
Príosún Luimnigh	6 - 7 Aibreán	21 Bealtaine	11 Meitheamh	15 Meitheamh	3 Lúnasa 2021
Príosún Phort Laoise	22 - 23 Aibreán	2 Meitheamh	25 Meitheamh	21 Iúil	17 Nollaig r 2021
Mainistir Shelton	22 - 23 Aibreán	8 Meitheamh	25 Meitheamh	21 Iúil	17 Nollaig 2021
Príosún Chnoc an Arbhair	12 - 13 Bealtaine	27 Iúil	30 Lúnasa	3 Meán Fómhair	17 Nollaig 2021
Príosún Chorcaí	31 Bealtaine - 1 Meitheamh	12 Lúnasa	2 Meán Fómhair	3 Meán Fómhair	17 Nollaig 2021
Suirbhé Foirne COVID-19	30 Aibreán - 16 Bealtaine			3 Meán Fómhair	20 Nollaig 2021
Príosún Lár Tíre	16 - 18 Meitheamh	8 Meán Fómhair	7 Deireadh Fómhair	19 Samhain	Níor Foilsíodh
Teach an Locháin	5 Lúnasa	27 Meán Fómhair	11 Samhain	19 Samhain	Níor Foilsíodh
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	25 - 26 Lúnasa	8 Deireadh Fómhair	8 Nollaig	23 Nollaig	Níor Foilsíodh
Ionad Dóchas	14 - 15 Meán Fómhair	29 Samhain	22 Nollaig	23 Nollaig	Níor Foilsíodh

Cuirtear deich saincheist ar fáil i **dTábla 4** a chinn an OIP, bunaithe ar na Cigireachtaí Téamacha COVID-19, a bheidh ina réimsí imní ar fud an dá phríosún déag.

Tábla 4: An Deich Saincheist is Mó ar Tarraingíodh Aird orthu i dTuarascálacha Cigireachta COVID-19

Saincheist	Ceisteanna Cigireachta
1. Coraintín/ Leithlisiú	Bhí tionchar diúltach ag tréimhsí coraintín agus leithlisithe a bhain le COVID-19 ar dhaoine faoi choimeád, le heaspa teagmháil fhiúntach le daoine, tréimhsí fada i gcillíní (níor ceadaíodh aon am lasmuigh den chillín le linn tréimhsí leithlisithe suas le 14 lá) agus

	teagmháil theoranta le seirbhísí. Níor ceadaíodh an formhór de phríosúnaigh a bhí ar leithlis do COVID-19 cith a thógáil.
2. Teanga & Rochtain ar Fhaisnéis	Sa chuid is mó de phríosúin, níor cuireadh faisnéis i scríbhinn ar fáil do phríosúnaigh agus iad ag dul isteach i gcoraintín, i dteanga agus i bhfoirm is féidir leo a thuiscint, maidir leis an bpróiseas coraintín.
3. Teagmháil le Baill Teaghlaigh - Cuairteanna	Mar gheall ar shrianta ar chuairteanna i bpearsa, ní raibh go leor daoine faoi choimeád in ann a dteaghlach a fheiceáil ar feadh níos faide ná bliain. Ní raibh aon duine faoi choimeád in ann teagmháil fhisiceach a dhéanamh lena dteaghlach ó thús na paindéime.
4. Rochtain ar Sheirbhísí Athshlánaithe	Mar thoradh ar COVID-19, níl a ndóthain seirbhísí athshlánaithe á gcur ar fáil i bpríosúin, agus ní raibh príosúnaigh in ann leas a bhaint as seirbhísí i bpearsa ar feadh an chuid is mó den phaindéim. Ní raibh cláir ghrúpa, atá ag teastáil chun riachtanais Bord Parúil a chomhlíonadh, ar siúl le linn na paindéime.
Ceist	**Ceisteanna Cigireachta**
5. Teagmháil le Baill Teaghlaigh - Post	Bhí moilleanna i gceist le cumarsáid poist in go leor de na príosúin, agus an oifig a gcuirtear de chúram uirthi post a phróiseáil gann ar fhoireann cuid mhaith den am.
6. An tSamhail um Príosúnaigh a Thionlacan	Tá athbhreithniú ag teastáil ar an tsamhail um príosúnaigh a thionlacan toisc go bhfuil tionchar aici ar fheidhmíocht na bpríosún, agus go háirithe toisc go mbaintear an bonn ón teacht atá ag príosúnaigh ar sheirbhísí athshlánaithe i bpríosúin sa tsamhail reatha.
7. Trátha Béile	Ní raibh trátha béile i gcuid mhaith de na príosúin ag teacht leis an ngnáth-ord béilí sa phobal i gcoitinne. Dúirt go leor príosúnaigh gur bhraith siad ocrach mar thoradh ar bhéile de mhéid béile am lóin bheith á chur ar fáil dóibh ag 16:00 gach aon lá.
8. Cúirteanna Cianda agus Teacht ar Cheartas	Bhí cúirteanna cianda in gcuidiú i ndáil le cinnte a dhéanamh de gur féidir le daoine faoi choimeád freastal ar sheisiúin chúirte, ach d'inis go leor príosúnaigh gur bhraith siad scoite amach le linn an phróisis, agus níor bhraith siad go bhféadfaidís cumarsáid a dhéanamh lena n-ionadaíocht dhlíthiúil le linn seisiúin chúirte ó chian.
9. Teacht ar Oideachas	Cuireadh teorainn leis an teacht a bhí ar oideachas le linn na paindéime toisc nach raibh múinteoirí in ann bheith i láthair sa phríosún ar feadh go leor míonna.
10. Daonra na bPríosúnach	Tá tionchar diúltach i gceist le haon mhéadú ar dhaonra na bpríosúnach ar an gcumas i ndáil le scaradh sóisialta, seirbhísí a chur ar fáil agus a chinntiú go gcosnaítear cearta daonna na ndaoine faoi choimeád.

Moltaí

D'eisigh an OIP moltaí chuig gobharnóirí príosúin agus chuig Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann; a raibh an chuid is mó díobh dírithe ar COVID-19. Mar sin féin, i bhfianaise go ndearnadh measúnú ar na príosúin ar fad ar fud na gCúig Réimse Fócais le linn na gCigireachtaí Téamacha COVID-19, eisíodh moltaí eile chuig príosúin áirithe freisin. I **bhFíoracha 2 agus 3,** tugtar léiriú ar mhiondealú ar na moltaí a tugadh i ndáil le gach aon Réimse Fócais.

Fíor 2: Moladh i ndáil le Réimsí Fócais, De réir Príosúin



	Mountjoy Men's Prison	Cloverhill Prison	Wheatfield Prison	Limerick Prison	Portlaoise Prison	Shelton Abbey	Arbour Hill Prison	Cork Prison	Midlands Prison	Loughan House	Castlerea Prison	Dóchas Centre
Resettlement	1	1	1	1	0	2	1	1	1	3	1	1
Rehabilitation & Development	4	4	5	3	3	3	3	5	10	2	3	2
Health & Wellbeing	9	10	8	12	8	6	4	4	6	5	7	3
Safety & Security	1	1	4	0	1	1	1	1	2	0	2	6
Respect & Dignity	6	6	5	7	6	6	8	7	7	5	7	9

Fíor 3: Moltaí an OIP i ndáil le Cigireacht Théamach COVID-19 de réir Réimse Fócais (%)



Maidir leis an 242 mholadh a tugadh ar fud an 12 Chigireacht Théamach COVID-19, bhí an chuid is mó díobh ina moltaí athfhillteacha, de réir mar a leagtar amach thíos **(Fíor 4)**:

Fíor 4: Cigireachtaí Téamacha COVID-19, Moltaí Athfhillteacha

In 12 thuarascáil, mhol an OIP go ndéanfaí bearta chun tacaíocht shíceolaíoch a chur ar fáil do phríosúnaigh le linn coraintín/leithlisiú agus ina dhiaidh sin

In 10 dtuarascáil, mhol an OIP go gcruthódh údaráis phríosúin deiseanna chun daonra an phrosúin a laghdú d'fhonn an baol maidir le scaipeadh COVID-19 a laghdú

In 9 dtuarascáil, mhol an OIP go mbeadh teacht ag príosúnaigh i gcoraintín ar cheathanna laethúla, agus mura féidir sin, go mbeadh teacht acu ar chith 2 huaire i dtréimhse 7 lá ar a laghad. (Riail 19.4 EPRs, Tairseach Cuibhiúlachta Íosta

In 10 dtuarascáil, mhol an OIP go gcuirfí faisnéis i scríbhinn agus ó bhéal maidir le nósanna imeachta coraintín ar fáil do phríosúnaigh i dteanga agus leagan amach a thuigeann an príosúnach (Riail 54, Rialacha Mandela na NA)

In 10 dtuarascáil, mhol an OIP go ndéanfaí leasú ar an sceidealú i ndáil le tráthanna béile ionas go mbeidís ag teacht le tráthanna sa phobal. (Riail 22, Rialacha Mandela na NA, Riail 22.4 EPRs)

In 8 dtuarascáil, mhol an OIP go ndéanfadh údaráis phríosúin monatóireacht ar phríosúnaigh agus go labhróidís leo maidir le tionchar éisteachtaí cúirte ó chian agus an ceart ar thriail chothrom (Airteagal 6 den ECHR, Airteagal 14(3) den ICCPR)

In 8 dtuarascáil, mhol an OIP go mbeadh ar a laghad 1 uair amuigh faoin aer ag príosúnaigh i gcoraintín / ar leithlis ar bhonn laethúil (Riail 27.1 EPRs)

In 12 thaurascáil, mhol an OIP go gcuirfeadh IPS taibléid dhigiteacha ar fáil (atá lódáilte le hábhair oideachasúla roimh ré) le go bhféadfadh príosúnaigh iad a úsáid.

In 9 dtuarascáil, mhol an OIP go mbeadh príosúnaigh rannpháirteach ar bhonn gníomhach ina bplean pianbhreithe agus ag cur leis agus go dtionóltar cruinnithe rialta leis an oifigeach ISM.

Tugadh cúig mholadh déag do shé phríosún nó níos mó; inar léiríodh saincheisteanna córasacha ar fud na seirbhíse príosúin (**Tábla 5**).

Tábla 5: Moltaí i ndáil le Cigireacht Théamach COVID-19, a tugadh do shé Phríosún nó níos mó

Téamaí an Mholta	Príosúin
COVID-19 – Teagmháil Fhiúntach le Daoine le linn (9)	Príosún na bhFear Mhuinseo; Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Mainistir Shelton, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Príosún Chnoc an Arbhair
COVID-19 – Creat a Chur ar Fáil/ Srianta a Scaoileadh do Phríosúnaigh (8)	Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Mainistir Shelton, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Teach an Locháin, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh
COVID-19 – Leithlisiú/ Coraintín Aer Úr (8)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre
COVID-19 – Cúram Sláinte Meabhraí (12)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Mainistir Shelton, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Teach an Locháin, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas
COVID – Coraintín/Leithlisiú Faisnéis a Chur ar Fáil (10)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Mainistir Shelton, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas

COVID-19 Teacht a bheith ar Cheathanna (7)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Lár Tíre
Oideachas – Táibléid Dhigiteacha (12)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Mainistir Shelton, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Teach an Locháin,, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas
Tráthanna Béile a Sceidealú (10)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Mainistir Shelton, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Teach an Locháin,
Spás Glas a Mhéadú (6)	Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Phort Laoise, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh
Bainistiú Pianbhreithe Comhtháite (9)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Mainistir Shelton, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Lár Tíre, Teach an Locháin, Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas
Rochtain ar Leabharlann (7)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre
Daonra na bPríosúnach a Laghdú (10)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Phort Laoise, Mainistir Shelton, Príosún Chnoc an Arbhair, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas
Leasuithe Riail COVID-19 a Mhaolú (6)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Phort Laoise, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre
Teacht a bheith ar Thorthaí Tástála COVID-19 (6)	Príosún na bhFear Mhuinseo, Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Pháirc na Cruithneachta, Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Mainistir Shelton
Comhairliúchán Cúirte Cianda le Príosúnaigh (8)	Príosún Chnoc na Seamar, Príosún Luimnigh, Príosún Phort Laoise, Mainistir Shelton, Príosún Chorcaí, Príosún Lár Tíre, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas

Níor ghlac Seirbhís Phríosúin na hÉireann le roinnt moltaí ón OIP, a ndearnadh sé cinn díobh i leith dhá phríosún nó níos mó, de réir mar a leagtar amach i **dTábla 6**.

Tábla 6: Moltaí i ndáil le Cigireacht Théamach COVID-19 Nár Ghlac IPS leo

Moltaí	Príosúin (nár glacadh)
Torthaí Tástála COVID-19 I gcomhréir leis an gcleachtas sa phobal i gcoitinne, agus i gcomhréir le Prionsabal an Chomhionannais, ba chóir do IPS a chinntiú go gcuirtear faisnéis i scríbhinn ar fáil do dhaoine i bpríosúin maidir lena dtorthaí tástála.	Príosún na bhFear Mhuinseo Príosún Chnoc na Seamar Príosún Pháirc na Cruithneachta Príosún Luimnigh Príosún Phort Laoise Mainistir Shelton

Cóir Leapa Ní mór athrú éadaigh laethúil agus athrú cóir leapa seachtainiúil a chur ar fáil do phríosúnaigh i gcoraintín/ar leithlis. (Príosún Mhuinseo) Ní mór athrú éadaigh laethúil a chur ar fáil do phríosúnaigh i gcoraintín/ar leithlis. (Príosún Luimnigh)	Príosún na bhFear Mhuinseo Príosún Luimnigh
Réimis Theoranta faoi COVID-19: Teagmháil Fhiúntach le Daoine Ní mór éascaíocht a dhéanamh ar dhá uair de theagmháil fhiúntach le daoine gach aon lá do dhaoine i gcoraintín/ar leithlis.	Príosún na bhFear Mhuinseo Príosún Pháirc na Cruithneachta Príosún Luimnigh Príosún Phort Laoise Mainistir Shelton
Réimis Theoranta faoi COVID-19: Teacht a bheith ar Aer Úr Ní mór go mbeadh teacht ag príosúnaigh i gcoraintín/ar leithlis ar uair amháin amuigh faoin aer gach aon lá ar a laghad. *Ghlac Seirbhís Phríosúin na hÉireann leis an moladh seo do phríosún Mhuinseo agus príosún Chnoc na Seamar, tharla an dá Chigireacht Théamacha COVID seo ag tráth níos luaithe, i mí an Mhárta 2021*.	Príosún Pháirc na Cruithneachta Príosún Luimnigh Príosún Phort Laoise Príosún Chnoc an Arbhair Príosún Chorcaí Príosún Lár Tíre
Riail Aclaíochta 32A I gcomhréir leis an riachtanas maidir le "teagmháil fhiúntach le daoine" a chinntiú, molann an Chigireacht go ndéanfadh an príosún bearta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá leagtha amach chun tionchar na srianta a forchuireadh ar aclaíocht agus idirghníomhaíochtaí na bpríosúnach a mhaolú trí Riail 32A de Rialacha Phríosúin na hÉireann; ba chóir é sin a chur i gcrích i gcomhairle le príosúnaigh agus baill foirne a oibríonn sa phríosún. *Bhí sé ina mholadh a thug an OIG freisin i gCigireachtaí i bPríosún Chorcaí agus Príosún Lár Tíre, ar ghlac Seirbhís Phríosúin na hÉireann leis i bpáirt.*	Príosún na bhFear Mhuinseo Príosún Chnoc na Seamar Príosún Pháirc na Cruithneachta Príosún Phort Laoise
Srianta Coraintín a Mhaolú I bhfianaise srianta COVID-19 sa phobal bheith á scaoileadh, Phrionsabal an Chomhionannais, agus ghnéithe ábhartha eile, ar nós vacsaíní bheith á nglacadh go forleathan i bpríosúin, molann an OIP do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann treoir bhreise a lorg ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le tréimhsí coraintín éigeantacha do phríosúnaigh a mhaolú, agus breithniú a dhéanamh ar bhearta cosantacha eile, ar nós úsáid a bhaint as maisc FFP2 agus srian a chur le gluaiseachtaí le linn bheith ag feitheamh ar thoradh tástála.	Teach an Locháin, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Tá an ghné Mhonatóireachta den Chreat Cigireachta bunriachtanach i ndáil le measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha cigireachta d'fhonn caighdeáin chearta an duine a chinntiú i bpríosúin. D'fhorbair an OIP Beartas um Mholtaí a Mhonatóiriú i mí na Samhna 2021, agus chomhaontaigh sé d'Fhéinmheasúnuithe dhá uair sa bhliain le IPS. Cuirfear nuashonruithe ar stádas monatóireachta ar fáil trí nuashonruithe ar stádas Féinmheasúnaithe agus trí Chigireachtaí Iarchúraim arna gcur i gcrích ag an OIP. Sa bhliain 2021, chuir an OIP Cigireachtaí Iarchúraim i gcrích

i bPríosún Luimnigh (an 17 Samhain 2021) agus Príosún Pháirc na Cruithneachta (an 2 Nollaig 2021). Cuireadh na chéad teimpléid do nuashonrú ar stádas (do Chigireachtaí agus Imscrúduithe ar Bhás faoi Choimeád) ar fáil do IPS an 8 Samhain 2021 le spriocdháta mí amháin chun é a chur ar ais. Amhail an 31 Nollaig 2021, ní bhfuarthas na Féinmheasúnuithe ó IPS go fóill. Thug an OIP gealltanas i leith bunachar sonraí monatóireachta a fhorbairt a chuirfear ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin an OIP.

Gníomhaíochtaí Cigireachta Eile

Chomh maith leis na Cigireachtaí Téamacha, cuireadh Suirbhé ar Fhoirne Príosúin COVID-19 i gcrích le linn na tréimhse ón 30 Aibreáin go dtí an 16 Bealtaine 2021. Ba é an cuspóir a bhí leis an suirbhé eispéiris foirne príosúin a ghabháil maidir le bheith i mbun oibre le linn na paindéime. Chuir an ghníomhaíocht seo leis na Cigireachtaí Téamacha toisc gur díríodh ar léargas na mball foirne a bhí ag obair i bpríosúin agus á mbainistiú le linn na paindéime. Seoladh cuireadh chun páirt a ghlacadh sa suirbhé chuig 3,471 ball foirne i Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus chuig 220 múinteoir (coibhéis lánaimseartha) a bhí fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus a bhí ag obair i bpríosúin; fuarthas 562 freagra ó rannpháirtithe, arbh ionann sin agus ráta freagartha thart ar 15%.

Cuireadh an tuarascáil maidir le Suirbhé ar Fhoirne COVID-19 i ndáil le modheolaíocht agus torthaí an tsuirbhé faoi bhráid an Aire an 3 Meán Fómhair agus foilsíodh í an 20 Nollaig 2021.

Cuirtear na príomhthorthaí a aithníodh sa Suirbhé ar Fhoirne Príosúin COVID-19 ar fáil i **bhFíor 5.**

Fíor 5: Na Príomhthorthaí, Suirbhé an OIP ar Fhoirne Príosúin COVID-19

Beartais COVID-19	Sábháilteacht i leith COVID-19	An 3 Bheart Coisctheach is mó i leith COVID-19	Tionchar COVID-19 ar Phríosúnaigh	An Tionchar ar Mheabhairshláinte na bPríosúnach
• D'aontaigh 78% de fhreagróirí go raibh beartais IPS i leith COVID-19 soiléir	• Bhraith 57% de fhreagróirí sábháilte ag an obair le linn COVID-19	• Comhlimistéir foirne a ghlanadh/dhíghalrú (14.1%) • Cuairteanna teaghlaigh a chur ar fionraí (13.2% • Príosúnaigh nua a thástáil agus a chur i gcoraintín (11.7%)	• Mheas 90% de fhreagróirí go raibh tionchar ag COVID-19 ar fholláine na bpríosúnach.	• Mheas 52% de fhreagróirí gur tháinig méadú ar líon na bpríosúnach a raibh seirbhís mheabhairshláinte ag teastáil uathu le linn COVID-19

D'fhorbair an OIP Leabhrán Faisnéise do Phríosúnaigh (in ocht dteanga), a tugadh amach do phríosúnaigh ag tús gach aon Chigireacht Théamach COVID-19. Cuireadh cóipeanna digiteacha de na leabhráin ar fáil do phríosúin ionas go roinnfí iad le príosúnaigh i ndiaidh iad a chur i bpríosún. Ullmhaíodh físeán faisnéise OIP freisin lena gcraobhscaoileadh ar chainéil teilifíse i gcillíní.

D'fhorbair an OIP suirbhéanna ar phríosúnaigh agus ar bhaill foirne lena n-úsáid le linn Cigireachtaí Príosúin Ginearálta. Rinneadh na suirbhéanna seo a leagan amach, a thástáil roimh ré, agus a reáchtáil ar bhonn píolótach trí chúnamh ó ionadaithe ó: Ionad Pathways (Múinteoirí agus Daltaí); Ionad Pavee; an Líonra Tacaíochta do Phríosúnaigh; SSGT – Tionscnamh um Thaistealaithe i bPríosún; Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT); *Her Majesty's Inspectorate of Prison for Scotland (HMIPS); the Scottish Prison Service; Criminal Justice Inspection Northern Ireland (CJINI); the Office of the Inspector of Custodial Services - Western Australia; Her Majesty's Prison and Probation Service (HMPPS); the Prisons Research Centre at the Institute of Criminology, Cambridge University*; an Roinn Dlí in Ollscoil na hÉireann, Mhá Nuad; agus an tionscadal Príosúin: Riail an Dlí, Cuntasacht & Cearta (PRILA) in Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Forbraíodh na suirbhéanna in 2021, ach níor úsáideadh iad i gcaitheamh na bliana mar gheall ar an ngá scaipeadh COVID-19 a chosc.

Chuir an OIP póstaer um nuashonrú ar stádas maidir leis na tuarascálacha Cigireachta Téamacha COVID-19 ar fáil do na gobharnóirí príosúin ar fad agus iarradh orthu iad a chur ar fáil do na príosúnaigh ar fad; tugadh cóipeanna den phóstaer (i gcúig theanga) amach do na príosúin ar fad i dtús mhí na Nollag 2021.

4.2 Imscrúduithe

Ón mbliain 2012 i leith, d'iarr an tAire ar an gCigire Príosún imscrúdú a dhéanamh ar bhásanna daoine faoi choimeád i bpríosún. Sa bhliain 2018, fuarthas soiléiriú go n-iarrtar ar an gCigire freisin imscrúdú a dhéanamh ar bhás duine ar bith a tharlaíonn laistigh de mhí amháin dá scaoileadh sealadach ó choimeád i bpríosún.

Is iad cuspóirí imscrúduithe ar bhás faoi choimeád na Cigireachta Príosún ná:

- Na himthosca agus na himeachtaí a bhaineann leis an mbás a fháil amach, lena n-áirítear an cúram sláinte a sholáthair IPS;
- A fhiosrú an bhféadfadh aon athruithe ar mhodhanna oibríochta, beartais, cleachtais nó socruithe bainistíochta IPS cabhrú le bás den chineál céanna a chosc sa todhchaí;
- A chinntiú go bhfuil deis ag teaghlach an phríosúnaigh aon imní atá acu a léiriú, agus an méid sin a chur san áireamh san imscrúdú;
- Cabhrú le hoibleagáid imscrúdaithe an Chróinéara faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, trína chinntiú a mhéid is féidir go dtugtar na fíricí iomlána chun solais agus go nochtar aon mhainneachtain ábhartha, go n-aithnítear aon chleachtas inmholta, agus go bhfoghlaimítear aon cheachtanna ón mbás; agus
- Réimsí a aithint a d'fhéadfadh bheith ríthábhachtach i ndáil le Straitéis na Roinne Dlí agus Cirt 2021 go 2023 chun "Éire Shábháilte, Chothrom agus Ionchuimsitheach" a chruthú (Spriocanna 2 agus 3) a chur chun cinn nó a bhac.

Tá Imscrúduithe ar Bhás faoi Choimeád OIP ina gcuid de phróiseas seachtrach a bhfuil trí ghné ag baint leis – arb iad na gnéithe eile imscrúdú ó An Garda Síochána, agus fiosrúchán agus ionchoisne an Chróinéara a chinneann cúis an bháis. Léiríonn an meascán d'Imscrúdú ó An Garda Síochána agus Ionchoisne an Chróinéara, in éineacht le himscrúdú an OIP, go gcomhlíonann Éire na hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta a leagtar síos in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Le linn 2021, tháinig laghdú tríocha is a naoi faoin gcéad (39%) ar líon na mbásanna faoi choimeád a tuairiscíodh chuig an OIP ó thrí chás déag in 2020 go hocht gcinn in 2021.

Mar chuid de Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta 2021, thug an OIP gealltanas 53% den riaráiste in imscrúduithe ar bhás faoi choimeád a ghlanadh. In 2021, sháraigh an OIP an sprioc agus glanadh 66.7% den riaráiste seo.

Níl sé d'údarás ag an gCigire Príosún tuarascálacha imscrúdaithe agus cigireachta a fhoilsiú, agus faoi dheireadh na bliana, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt 10 gcinn den 18 dtuarascáil Imscrúdaithe um Bhás faoi Choimeád a cuireadh isteach.

Tá miondealú ar an 10 dtuarascáil Imscrúdaithe um Bhás faoi Choimeád ina aghaidh an phríosúin, agus líon na moltaí a tugadh i ndáil le gach aon cheann díobh á chur ar fáil i **bhFíor 6.**

Fíor 6: 10 dTuarascáil Foilsithe le Moltaí ar fud na bPríosún in 2021



Nuair a mheastar gur cuí, áirítear le tuarascálacha maidir le Imscrúdú ar Bhás faoi Choimeád moladh/moltaí d'Ard-Stiúrthóir IPS le breithniú a dhéanamh orthu. Iarrtar ar an Ard-Stiúrthóir a dhearbhú cé acu a ghlacann nó nach nglacann sí leis an moladh/na moltaí. I gcás nach nglactar le moladh, iarrtar uirthi fáth/fáthanna a thabhairt. Chomh maith leis sin, iarrtar Plean Gnímh SMART (sonrach, intomhaiste, inbhainte amach, réalaíoch agus faoi cheangal ama) in éineacht le Gníomhartha Ceartaitheacha agus Gníomhartha Coisctheacha agus (CaPas) chun aghaidh a thabhairt ar an moladh/moltaí ar glacadh leo nó ar glacadh leo i bpáirt. Bhí moltaí i sé cinn den deich dtuarascáil a foilsíodh le linn na bliana 2021; agus bhí 27 moladh ann ar an iomlán. Níor thug an OIP moltaí i gceithre cinn de na tuarascálacha a foilsíodh (**Tábla 7**).

Tábla 7: 2021 Tuarascálacha maidir le hImscrúdú ar Bhás faoi Choimeád a Foilsíodh: Moltaí

Tuarascáil maidir le hImscrúdú	An Líon Moltaí	Moladh ar Glacadh Leis	Moladh ar Glacadh Leis i bPáirt	Moladh nár Glacadh Leis[3]
An tUasal D 2019	7	7		
An tUasal F 2018	6	4		2
An tUasal K 2019	1	1		
An tUasal C 2019	1	1		

[3] OIP. Tuarascáil maidir le hImscrúdú ar Bhás an Uasail F 2018 – Plean Gnímh (2021) https://www.oip.ie/wp-content/uploads/2021/10/IPS-Action-Plan-relating-to-the-death-of-MrF-2018.pdf, agus OIP. Tuarascáil maidir le hImscrúdú ar Bhás an Uasail L 2018 – Plean Gnímh (2021) https://www.oip.ie/wp-content/uploads/2021/04/Irish-Prison-Service-Action-Plan-relating-to-the-Death-of-Mr-L-2018.pdf.

An tUasal L 2018	8	6	1	1
An tUasal D 2018	4	4		
Total	**27**	**23**	**1**	**3**

Déantar Pleananna Gnímh IPS, a fhorbraíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann, mar fhreagra ar mholadh/mholtaí a thugtar i dtuarascálacha maidir le hImscrúdú ar Bhás faoi Choimeád, a fhoilsiú in éineacht leis na tuarascálacha maidir le himscrúdú agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin OIP.

Leanfaidh an OIP i mbun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht ghníomhartha geallta IPS le linn 2022. Cuirfear nuashonruithe ar stádas monatóireachta ar fáil trí nuashonruithe ar stádas Féinmheasúnaithe agus trí Chigireachtaí Iarchúraim arna gcur i gcrích ag an OIP.

Le linn 2022, déanfar anailís ar na moltaí ar fad a thugtar i dtuarascálacha maidir le hImscrúdú ar Bhás faoi Choimeád ó chuir an Chigireacht tús leis na himscrúduithe seo in 2012. Aithneofar treochtaí, dul chun cinn agus réimsí imní san anailís.

An Beartas Athbhreithnithe d'Imscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád

D'iarr an tAire Dlí agus Cirt, i gcomhréir le hAlt 31(2) d'Acht na bPríosún 2007, ar an gCigire Príosún imscrúdú a dhéanamh ar bhásanna faoi choimeád i bpríosún. Éilítear imscrúduithe ar bhásanna faoi choimeád freisin mar chuid de na hoibleagáidí atá ar an Stát in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine: an oibleagáid ghinearálta chun an ceart chun beatha a chosaint faoin dlí. Chun cuidiú leis na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh, tugadh Beartas Athbhreithnithe d'Imscrúdú ar Bhás faoi Choimeád OIP isteach sa bhliain 2021. Prionsabal barrthábhachtach sa bheartas seo is ea dul i dteagmháil le teaghlaigh daoine a fuair bás nuair a bhí siad i bpríosún nó laistigh de thríocha lá ar scaoileadh sealadach ó choimeád, chun deis a chur ar fáil dóibh ábhar imní agus ceisteanna a chur in iúl a bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh orthu le linn imscrúdú an OIP.

Faisnéis do Theaghlaigh

In 2021, d'fhorbair an OIP paimfléad chun faisnéis a chur ar fáil do theaghlaigh maidir le ról an OIP in imscrúdú ar bhás faoi choimeád mar aon le sonraí teagmhála do sheirbhísí tacaíochta méala.

5 GEARÁIN

I mblianta roimhe seo, bhí an Chigireacht in ann faisnéis a chur ar fáil maidir leis an miondealú ar chatagóirí na ngearán a rinneadh i ngach aon phríosún don bhliain de réir míosa. Mar sin féin, amhail an 14 Feabhra 2022, níl an OIP in ann an miondealú a chur ar fáil don bhliain 2021 mar gheall nár cuireadh an fhaisnéis ar fad a éilítear ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar fáil.

Ba chóir go gcuirfeadh Oifigeach Idirchaidrimh Príosúin ainmnithe in IPS sonraí maidir le gearáin ó phríosúnaigh ar fáil don Chigireacht ar bhonn míosúil. In 2021, b'éigean don Chigireacht IPS a fhiosrú maidir le cásanna nach bhfuarthas faisnéis iomlán maidir le gearán agus cásanna ina raibh sonraí fós le fáil amhail an 31 Nollaig 2021.

Cuirtear líon agus miondealú ar chatagóir na ngearán ó phríosúnaigh a cuireadh in iúl don OIP le linn 2021 ar fáil thíos**.** Tá an anailís seo bunaithe ar shonraí a fuair an Chigireacht ó thuairisceáin mhíosúla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ar nós blianta roimhe seo, níor taifeadadh aon ghearáin in Ionad Oscailte Theach an Locháin in 2021.

Tá oibleagáidí i leith tuairisceoireacht ar IPS faoi Riail 57(B) i ndáil le líomhaintí de chineál tromchúiseach, ar nós ionsaí nó forneart tromchúiseach a úsáid in aghaidh príosúnaigh nó drochíde, drochíde ciníoch, leithcheal, imeaglú, bagairtí – i.e. Gearáin i gCatagóir A.

Anailís ar Ghearáin i gCatagóir A

De réir mar a léirítear i **dTábla 8**, fuair an Chigireacht fógra i ndáil le 89 ngearán i gCatagóir A ó líon iomlán de 11 phríosún. Tugtar mionsonraí breise i **dTáblaí 9 agus 10** maidir le riachtanais um fhógra a thabhairt agus Riail 57(B) a chomhlíonadh.

Tábla 8: Fógraí i ndáil le Gearáin chuig an gCigire Príosún

Ionad Coinneála	Fógraí i ndáil le Gearáin i gCatagóir A in 2021
Cnoc an Arbhair	3
Príosún Chaisleán an Riabhaigh	5
Príosún Chnoc na Seamar	32
Príosún Chorcaí	5
Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas	3
Príosún Luimnigh	1
Príosún Lár Tíre	17
Príosún na bhFear Mhuinseo	8
Príosún Phort Laoise	9
Mainistir Shelton	1
Príosún Pháirc na Cruithneachta	5

IOMLÁN	89

Tábla 9: Fógra a Thabhairt i gcomhréir le Riail 57(B) de Rialacha na bPríosún 2007 – 2020

Riail 57(B) Rialacha na bPríosún 2007 – 2020	Iomlán a fuarthas in 2021	Fógra a Fuarthas a bhaineann le 2021	Fógra a Fuarthas a bhaineann le le 2020	Fógra a Fuarthas a bhaineann le 2019	Fógra a Fuarthas a bhaineann le 2018
Fógraí faoi Ghearáin i gCatagóir A	**89**	84	5	0	0
Fógra ón nGobharnóir don Chigireacht laistigh de 7 lá ó fhógra a fháil faoin ngearán [57B(4)]	**75**	72	3	0	0
Cuirfear an Chigireacht ar an eolas faoi cheapachán an imscrúdaitheora [57B(5)(a)]	**68**	53	15	0	0
Gearáin a mheasann Ard-Stiúrthóir IPS a bheith cráiteach, gan bhunús, nó lasmuigh de raon feidhme na rialach agus a fhoirceannann sé. Cuirtear an Cigire Príosún ar an eolas faoin gcinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh [57B(5)(b)]	**12**	7	4	1	0
Gearáin a tharraingíonn príosúnaigh siar agus a chinneann an tArd-Stiúrthóir gur cheart iad a fhoirceannadh. Cuirtear OIP (a) ar an eolas agus (b) déantar na cúiseanna a dhoiciméadú [57B(5)(c)]	**(a) 11** **(b) 11**	(a) 4 (b) 4	(a) 6 (b) 6	(a) 0 (b) 0	(a) 1 (a) 1
Gearáin a chuaigh ar aghaidh chuig Imscrúdú	**77**	73	4	0	0
Tuarascálacha iomlána ar imscrúduithe a fuair an Chigireacht	**85**	34	42	5	4
Tuarascálacha eatramhacha a cuireadh faoi bhráid na Cigireachta	**47**	26	13	3	5

Líon na dtuarascálacha a fuarthas inar glacadh nó inar seasadh leis an ngearán nó inar seasadh leis i bpáirt	**16**	4	11	0	0

Léirítear **i dTábla 10** go gcomhlíonann IPS na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i gCatagóir A in 2021, i gcomparáid le blianta roimhe seo.

Tábla 10: Riachtanais agus Comhlíonadh Riail 57B

Riail 57(B) de Rialacha na bPríosún 2007- 2020	% Comhlíonta 2021	% Comhlíonta 2020	% Comhlíonta 2019
Fógra ón nGobhanóir chuig an gCigire Príosún taobh istigh de sheacht lá tar éis dó eolas faoin ngearán a fháil [57B(4)]	84%	81%	79%
Cuirfear Oifig an Chigire Príosún ar an eolas faoi cheapachán an imscrúdaitheora [57B(5)(a)]	63%	2%	30%
Gearáin a mheasann Ard-Stiúrthóir IPS a bheith cráiteach, gan bhunús, nó lasmuigh de raon feidhme na rialach agus a fhoirceannann sé. Cuirtear an Cigire Príosún ar an eolas faoin gcinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh [57B(5)(b)]	100%	100%	100%
Gearáin a tharraingíonn príosúnaigh siar agus a chinneann an tArd-Stiúrthóir gur cheart iad a fhoirceannadh. Cuirtear an Cigire Príosún (a) ar an eolas agus (b) déantar na cúiseanna a dhoiciméadú [57B(5)(c)]	(a) 100%) (b) 100%)	(a) 100%) (b) 100%)	(a) 100%) (b) 100%)
Gearáin a chuaigh ar aghaidh chuig imscrúdú	87%	86%	97%
Tuarascálacha iomlána ar imscrúduithe a fuair OIP maidir le gearáin nua i bliain ar leith	49%	32%	23%
Tuarascálacha ar imscrúduithe a fuarthas laistigh de 3 mhí	24%	3%	2%
Tuarascálacha eatramhacha a cuireadh faoi bhráid OIP maidir le gearáin nua i bliain ar leith	40%	12%	3%
Líon na dtuarascálacha ar imscrúduithe a fuarthas inar glacadh nó inar seasadh leis an ngearán	13%	8%	33%

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara i leith na bliana 2021:

- Comhlíonadh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann méadaithe ar fud na réimsí fógra ar fad;
- Cuireadh an Chigireacht ar an eolas faoi 84% de ghearáin laistigh de 7 lá - Riail 57(B)(4);

- Tháinig méadú ar an ráta comhlíonta i ndáil le fógra a thabhairt don OIP maidir le hImscrúdaitheoir a cheapadh - Riail 57B (5)(a);
- Comhlíonadh 100% maidir le fógra a thabhairt don Chigireacht faoi ghearáin a measadh a bheith cráiteach nó lasmuigh den raon feidhme - (Rialacha 57B (5)(b) nó tarraingthe siar (57B (5)(c));
- Tháinig méadú faoi dhó ar thuarascálacha iomlána maidir le himscrúdú a fuair an OIP idir 2019 agus 2021. In ainneoin an mhéadaithe seo, bhí comhlíonadh íseal i gcónaí ag 49%.

In 2021, d'fhorbair IPS córas fógartha uathoibríoch chun cuidiú leo Riail 57(B) a chomhlíonadh.

Barúlacha ó Ghearáin a Athbhreithniú

Bhí easnaimh i gceist i gcónaí a bhain leis an nós imeachta maidir le gearáin ó phríosúnaigh a fheidhmiú in ainneoin gur tuairiscíodh na heasnaimh sin bliain i ndiaidh bliana.

Inár ról maoirseachta, fuaireamar 85 thuarascáil maidir le himscrúdú ar ghearáin ó phríosúnaigh i gCatagóir A sa bhliain 2021.

Bhí sé ina ábhar imní ag an gCigireacht, maidir le cás inar aithin Imscrúdaitheoir Neamhspleách arna cheapadh ag IPS go raibh cúis leis an ngearán a cuireadh isteach, níor sheas an Gobharnóir a sannadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an imscrúdú le torthaí an Imscrúdaitheora i ngach cás. Cuirtear samplaí de sin ar fáil thíos.

- I gcás amháin, níor aontaigh an Gobharnóir le torthaí an Imscrúdaitheora Neamhspleách agus lorg sé athbhreithniú inmheánach maidir leis an gceist. Ní bhfuarthas aon chúis leis an ngearán san athbhreithniú inmheánach seo ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Níl aon fhoras le haghaidh athbhreithniú inmheánach i Rialacha na bPríosún 2007-2020.

- I gcás eile, fuair an Chigireacht litir ón nGobharnóir inar luadh "*The Investigator conducted a detailed investigation into the matters raised and did not find any clear evidence to support the allegations made.*" Ní bhfuair an Chigireacht an tuarascáil ábhartha agus nuair a iarradh í ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, cuireadh in iúl dúinn nárbh fhéidir an tuarascáil ar imscrúdú a aimsiú.

- Sa bhliain 2021, tháinig méadú ar líon na dtuarascálacha ar imscrúdú a cuireadh isteach Chuig an gCigireacht. Bhí achoimre fheidhmeach i roinnt de na tuarascálacha nach raibh á ndóthain doiciméid tacaíochta ann. Cuirtear na doiciméid chéanna ar fáil do Ghobharnóir is a chuirtear ar fáil don OIP nuair atá cinneadh le déanamh ina leith. Is ábhar imní é ag an gCigireacht i gcónaí go gcuirtear de chúram ar Ghobharnóirí cinntí a dhéanamh ar líomhaintí tromchúiseacha i ndáil le héagóir gan an comhad imscrúdaithe iomlán a fheiceáil, lena n-áirítear teacht a bheith acu ar phíosaí scannánaíochta CCTV. Arís eile, molann an Chigireacht go gcuirfí an comhad imscrúdaithe iomlán ar fáil dóibh ionas go mbeidís in ann cinneadh eolach a dhéanamh.

- I gcás amháin, bhí dearbhú á lorg ag an OIP gur cuireadh gearán ar aghaidh chuig An Garda Síochána, de réir mar a éilítear i Rialacha na bPríosún 57(A). Mar fhreagra, cuireadh in iúl don Chigireacht *"… An Garda Síochána were not notified of these allegations as the investigation has not yet been completed, and there were no cause and effects compelling the Governor to request a criminal investigation be conducted by the AGS at this point in the complaint process. However, we will inform the prisoner of his right to notify AGS and we will facilitate him in this regard if he wishes to do so."* Toisc gur líomhain ar ionsaí a bhí sa ghearán, ba chóir gur tuairiscíodh é do An Garda Síochána i gcomhréir le Riail na bPríosún 57A(1) ina luaitear "*Any allegation by a*

prisoner to a prison officer or a member of the Irish Prison Service that an act has been committed that may constitute a criminal offence ***shall*** *be notified, by such officer or member, to the Governor* ***and to the Garda Síochána*** *and the Governor…"* [béim curtha leis]. Ní thugtar aon discréid maidir le An Garda Síochána a chur ar an eolas faoin Riail sna cúinsí seo. Sa chás seo, níor comhlíonadh an oibleagáid maidir leis an gceist a thuairisciú do An Garda Síochána.

- Thug an Chigireacht faoi deara freisin go mbíonn dúshláin roimh Imscrúdaitheoirí neamhspleácha maidir le teacht a bheith acu ar na hábhair atá ag teastáil chun imscrúduithe a chur i gcrích. In imscrúdú amháin a bhain le líomhain ar ionsaí, thuairiscigh an tImscrúdaitheoir *"[t]he handbook on methods of restraint is a restricted document and is not available to the investigator, it would be up to IPS management to assess the exact correctness or otherwise of the method of restraint used".* Is é tuairim na Cigireachta mura mbeadh teacht aige ar an "Lámhleabhar", nach mbeadh an tImscrúdaitheoir in ann cinneadh eolach a dhéanamh toisc nár chuir IPS fianaise ábhartha ríthábhachtach ar fáil. Ba chóir go gcuirfí gach ábhar atá riachtanach chun imscrúdú cothrom agus cuimsitheach a chur i gcrích ar fáil d'Imscrúdaitheoir.

Ar bhonn seasta le cúig bliana anuas, thuairiscigh an Oifig seo arís is arís eile nach bhfuil an córas gearáin príosúnach oiriúnach don fheidhm.[4] Ar an drochuair, níor tháinig feabhas ar chúrsaí in 2021 agus tá sé seo ina ábhar imní ríthábhachtach ag an gCigireacht. Ba chóir go mbeadh córas gearáin príosúnach ina chóras cothrom, agus de réir mar a thuairiscigh mo réamhtheachtaí, an Breitheamh Reilly sa bhliain 2016, ní mór go mbeadh muinín ag baill foirne, príosúnaigh agus an pobal i gcoitinne as córas gearáin.

In 2021, fuair an Chigireacht roinnt litreacha ó phríosúnaigh faoi Riail 44 de Rialacha na bPríosún 2007-2020 inar léiríodh frustrachas maidir leis an gcóras gearán, go háirithe (i) gan fios bheith acu go raibh a ngearán á imscrúdú; (ii) gan bheith coinnithe ar an eolas mar le stádas an imscrúdaithe; (iii) gan bealach bheith acu chun achomharc a dhéanamh in aghaidh toradh; agus (iv) faitíos ar iarmhairtí díobhálacha mar gheall ar ghearán a dhéanamh.

Lena chinntiú go gcomhlíontar cearta daonna príosúnach, tá sé bunriachtanach go gcloífeadh Seirbhís Phríosúin na hÉireann leis na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le gearáin ó phríosúnaigh.

[4] OIP. Tuarascáil Bhliantúil 2020, lch.24; OIP. Tuarascáil Bhliantúil 2019, lch. 42; agus OIP. Tuarascáil Bhliantúil 2018, lch. 14; agus OIP. Athbhreithniú, Meastóireacht agus Anailís ar Fheidhmiú an Nóis Imeachta Gearán Príosúnach atá ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann i láthair na huaire 2016.

6 LITREACHA Ó PHRÍOSÚNAIGH (RIAIL 44)

De réir Riail 44 (1) (h) de Rialacha na bPríosún 2007 - 2020, tá príosúnach i dteideal litir nár osclaíodh a sheoladh agus a fháil ón gCigire Príosún.

In 2021, fuair Oifig an Chigire Príosún 168 litir ar an iomlán ó 84 phríosúnach. Bhí an líon seo ina léiriú ar mhéadú suntasach i ndáil le blianta roimhe seo arb é is cúis leis go príomha go bhfuil feasacht níos fearr ag príosúnaigh ar an OIP. Fuarthas na litreacha ó phríosúnaigh in aon phríosún déag; ní bhfuarthas aon litir ó Ionad Oscailte Theach an Locháin. Tugtar léiriú i **dTábla 11** ar líon na litreacha a fuarthas ó gach aon phríosún mar aon le comparáid leis an dá bhliain roimhe sin.

Tábla 11: Litreacha, Líonta agus Comparáid

Príosún	2021	2020	2019
Príosún Chnoc an Arbhair	9	3	2
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	6	8	3
Príosún Chnoc na Seamar	4	2	6
Príosún Chorcaí	3	0	0
Ionad Dóchas	8	15	2
Príosún Luimnigh	7	0	0
Príosún na mBan Luimnigh	2	0	0
Teach an Locháin	0	0	0
Príosún Lár Tíre	69	12	12
Príosún na bhFear Mhuinseo	19	9	11
Príosún Phort Laoise	25	6	8
Mainistir Shelton	3	1	1
Príosún Pháirc na Cruithneachta	13	3	1
Iomlán	**168**	**59**	**46**

Ardaíodh réimse leathan saincheisteanna sna litreacha a fuarthas. Ba iad na saincheisteanna ba choitianta: (i) saincheisteanna sláinte (mheabhrach agus fhisiceach), lena n-áirítear teacht a bheith ar chúram sláinte; (ii) nósanna imeachta maidir le gearáin; (iii) iompraíocht bhaill foirne agus phríosúnaigh an phríosúin; (iv) moilleanna maidir le litreacha a fháil agus litreacha a sheoladh sa phost, lena n-áirítear

comhfhreagras dlíthiúil; agus (v) saincheisteanna a bhain le COVID-19, ar nós leithlisiú, easpa cuairteanna, deacrachtaí maidir le teagmháil a dhéanamh le baill teaghlaigh, agus cith a bheith ar fáil.

7 SCÉIM GHINEARÁLTA DON DRÉACHTBHILLE UM CHIGIREACHT A DHÉANAMH AR IONAID CHOINNEÁLA

In 2018, d'iarr An Roinn Dlí agus Cirt ar an gCigireacht aighneacht a dhéanamh maidir le Scéim don Dréacht-Bhille um Chigireacht a Dhéanamh ar Ionaid Choinneála 2014. Chuir an Cigire a tuairimí isteach an 20 Meán Fómhair 2018.

Chas an Cigire Príosún agus Cigirí Sinsearacha le comhghleacaithe sinsearacha ón Aonad um Reachtaíocht Choiriúil sa Roinn Dlí agus Cirt trí huaire i gcaitheamh na bliana, an 25 Feabhra, an 12 Márta agus an 24 Meán Fómhair.

Cuireadh dhá Bharr den Dréacht-Reachtaíocht ar fáil don Chigireacht, agus lorgaíodh tuairimí an OIP i ndáil leis na Bairr seo agus cuireadh tuairimí ar fáil. Ar an drochuair, bhí an comhairliúchán teoranta don dá Bharr seo.

Tá an Chigireacht ag súil leis an deis chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Ghinearálta don Bhille chomh luath agus is féidir in 2022, agus go háirithe na Bairr a bhaineann le ról, feidhmeanna agus cumhachtaí Oifig an Chigire Príosún.

Molann an Chigireacht go gcomhlíonfar gealltanas an Rialtais chun an Prótacal Roghnach a Ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh Céastóireacht a dhaingniú, agus gach céim riachtanach a thógáil chun bunús fónta a chur ar fáil do Shásra Náisiúnta Coisctheach na hÉireann.

8 GNÍOMHAÍOCHTAÍ & IMEACHTAÍ

Déanann an OIP iarracht ar bhonn leanúnach freastal ar imeachtaí is díol spéise agus/nó páirt a ghlacadh iontu agus teagmháil fhiúntach a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla.

8.1 Rannpháirtíocht Thras-Rannach

Le linn na bliana 2021, bhí an Chigireacht rannpháirteach i líonrú agus malartú tras-rannach, arbh é an bhuaic a bhí air sin foilsiú na tuarascála *Rochtain ag Daoine sa Chóras Cheartais Choiriúil ar Sheirbhísí Meabhairshláinte* i mí na Samhna 2021, a scríobh an Dr Susan Finnerty, an Cigire Seirbhísí Meabhairshláinte (An Coimisiún Meabhair-Shláinte).

Chomh maith leis sin, chuir Oifig an Chigire Príosún "cuairt scóipeála" i gcrích i bPríosún Luimnigh in éineacht le Cigireacht na Roinne Oideachais i mí na Samhna 2021.

D'iarr Seirbhís Phríosúin na hÉireann tuairimí, trí fhógra poiblí, maidir le athbhreithniú ar Rialacha na bPríosún 2007-2020. I mí Dheireadh Fómhair 2021, rinne Oifig an Chigire Príosún "Aighneacht chuig an Aire Dlí agus Cirt maidir leis an Athbhreithniú ar Rialacha na bPríosún," a ullmhú agus a chur isteach i ndáil le athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na Rialacha. In 2022, tá an Chigireacht ag súil le comhairliúchán leis an Aire agus leis an Roinn maidir le Rialacha na bPríosún a fheabhsú agus a neartú.

8.2 Intéirneachtaí

I gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad, rinne an Chigireacht óstáil ar bheirt mhac léinn atá ag tabhairt faoi Mháistreacht sa Choireolaíocht. Ba é seo an chéad socrúchán mac léinn in Oifig an Chigire Príosún.

8.3 Imeachtaí ar Glacadh Páirt iontu nó ar Freastalaíodh orthu

(níl an liosta seo uileghabhálach)

Sraith um Chlár Ceannaireachta na Roinne Dlí agus Cirt

Iniúchadh a Dhéanamh ar Roghanna Éifeachtacha Eile i ndáil le Coimeád maidir le Ciontóirí Baineanna a Bhainistiú, an 19 Eanáir 2021, *I Láthair*

Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT)

Dul chun cinn sa Chóras Coiriúil (PIPS): Measúnú a Dhéanamh ar Dhul chun cinn le linn Paindéime (2020), an 26 Eanáir 2021, *I Láthair*

Dínit – Institiúid na Danmhairge in aghaidh Céastóireacht

Monitoring Health in Prisons, an 13 Eanáir 2021, *I Láthair*

Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT)

Seimineár maidir le Dlí an Phríosúin. An 25 Feabhra 2021, *Rannpháirteach*

Athbhreithniú ar Mhná agus Mionlaigh Inscne Choláiste na Tríonóide: Athbhreithniú ar Inscne X

Inscne agus Príosúin, an 25 Márta 2021, *Rannpháirteach*

Comhairle um Chearta an Duine

Imscrúdú ar Bhásanna, an 21 Aibreán 2021, *I Láthair*

Grúpa Uile-Pháirtí an Oireachtais maidir le Athchóiriú an Chórais Choiriúil

An Chéad Chruinniú, an 28 Aibreán 2021, *Rannpháirteach*

An 7ú Comhdháil Bhliantúil de Ghníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil na hÉireann [ICJA]

Cearta Daonna Amhrastaigh agus Ciontóirí Leochaileacha a Chosaint: Leochaileachtaí a Shainmhíniú, a Aithint agus Freagra a Thabhairt orthu, an 4 Meitheamh 2021, *I Láthair*

An Cumann um Chéastóireacht a Chosc (APT)

Prionsabail Nua maidir le hAgallóireacht Éifeachtach in Imscrúduithe agus Faisnéis an Bhailiú, an 9 Meitheamh 2021, *I Láthair*

An Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine OSCE

Foréigean gnéasach agus Foréigean Inscne in Áiteanna Díothaithe Saoirse a Chosc agus Dul i nGleic leis: Ceardlann Théamach ODIHR maidir le Sásraí Monatóireachta, an 21 Iúil 2021, *I Láthair*

Ionad Oxford do Chleachtas Athshlánaíoch (The Mint House)

Príosúin Athshlánaíocha: Cur chuige Uile-Phríosúin a Thabhairt Isteach, an 21 Meán Fómhair 2021, *I Láthair*

Comhdháil NPM Eorpach Chomhairle na hEorpa

An Ról atá ag NPManna i ndáil le Cur i bhFeidhm Éifeachtach Bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus Mholtaí CPT maidir le Drochíde Póilíní agus Imscrúduithe Éifeachtacha i ndáil le Drochíde Líomhnaithe, an 20 – 22 Meán Fómhair 2021, *I Láthair*

Grúpa Oibre an Phríomh-Bhreithimh

Comhdháil maidir le Rochtain ar Cheartas, an 1 - 2 Deireadh Fómhair 2021, *I Láthair*

Tionscnamh maidir le Taistealaithe i bPríosún – Comhdháil Náisiúnta 2021

An Doras Rothlach a Dhúnadh: Léargais agus Moltaí ó Thaistealaithe, an 5 Deireadh Fómhair 2021, *I Láthair*

Comhdháil Bhliantúil um Shaoráil Faisnéise

Téama, athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na reachtaíochta FOI an 21 Deireadh Fómhair, 2021, *I Láthair*

Comhdháil Fhíorúil Ollscoil Nottingham agus Ombudsman um Phríosúin agus Promhadh na RA

Imscrúduithe ar Bhásanna Príosúnach: Sábháilteacht i bPríosúin agus i Sochaithe a Fheabhsú, an 3 Samhain 2021*, I Láthair*

Seachtain Nuálaíochta na Roinne Dlí agus Cirt

Nuálaíocht in Earnáil an Cheartais Choiriúil, an 9 Samhain 2021, *I Láthair*

8.4 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Lean Oifig an Chigire Príosún d'oibriú in éineacht agus i gcomhairle lenár bPáirtithe Leasmhara, lena n-áirítear An Roinn Dlí agus Cirt, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Le linn na bliana 2021, chas Oifig an Chigire Príosún le líon páirtithe leasmhara chun tuairimí a mhalartú agus caidrimh a chothú.

Rinne an Chigireacht cuir i láthair maidir le ról agus feidhmeanna Oifig an Chigire Príosúin d'oifigigh phríosúin le linn na bliana, idir chuir i láthair fhíorúla agus i bpearsa araon.

Chuaigh an Chigireacht i dteagmháil le:

- Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- An tSeirbhís Phromhaidh
- Her Majesty's Inspectorate of Prison for Scotland (HMIPS)
- Her Majesty's Inspectorate of Prisons (HMIP)
- An Coiste Eorpach um Chéastóireacht a Chosc (CPT)
- Príosúin: Riail an Dlí, Cuntasacht agus Cearta (PRILA)
- Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT)
- Cigireacht na Roinne Oideachais (DOE)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- An Garda Síochána (AGS)
- Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána Ombudsman Commission (GSOC)
- Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC)
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC)
- Tionscnamh um Thaistealaithe i bPríosún – Iontaobhas Fhaiche Stiabhna
- An Grúpa Coireachta agus Slándála, An Roinn Dlí, Ollscoil Mhá Nuad (MU)
- Tionscadal Taighde maidir le Seirbhísí Príosúin – Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (QUB)

9 FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH

9.1 Prótacail COVID-19

Le linn 2021, chloígh an Fhoireann Chigireachta leis an gcomhairle sláinte poiblí maidir le feasacht agus scaipeadh an víris COVID-19. Lean baill foirne i mbun cianoibre nuair ab fhéidir é. Bhí socruithe a bhí ag teacht leis na treoirlínte i bhfeidhm sa dá láthair atá againn i gcás inarbh éigean do bhaill foirne bheith i láthair san oifig.

Cuireadh Prótacal Ionfhabhtaithe OIP maidir le bheith i láthair i bpríosúin i bhfeidhm i mí Feabhra 2021 lena chinntiú go gcomhlíonfaí na treoirlínte sláinte poiblí, agus ag an am céanna, spriocanna i leith cigireacht a shárú.

9.2 Cúrsaí Airgeadais

Faigheann Oifig an Chigire Príosún maoiniú faoin Vóta Dlí agus Cirt (Vóta 24), a bhfuil an tArd-Rúnaí ina Oifigeach Cuntasaíochta dó. B'ionann an leithdháileadh buiséid don bhliain 2021 agus €1.328m.

Tábla 12: Leithdháileadh Buiséid 2021

	Leithdháileadh Buiséid don bhliain 2021(€)	Caiteachas Iarbhír don bhliain 2021(€)	Difríocht (€)
Pá	1,328,000	932,302	395,698
Neamhphá	626,000	376,038	249,962
Iomlán	1,954,000	1,308,340	645,660[5]

Cuireadh gach gníomhaíocht sholáthair ar thug an Oifig fúthu le linn na bliana 2021 i gcrích i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le soláthar poiblí.

9.3 Nochtuithe Cosanta

Mar oifig fheidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, ghlac an Chigireacht beartas na roinne i ndáil le Nochtuithe Cosanta. Ní bhfuair Oifig an Chigire Príosúin aon Nochtuithe Cosanta i gcaitheamh na bliana. Chuir an Roinn Dlí agus Cirt Oifig an Chigire Príosúin ar an eolas maidir le Nochtadh Cosanta a bhain le hOifig an Chigire Príosún i ndeireadh na bliana 2021.

[5] Go príomha, bhí gannchaitheamh i gceist mar gheall ar fholúntais ag leibhéal an Chigire, agus mar gheall nár cuireadh Painéal Saineolaithe ar bun.

9.4 Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí

Tá Oifig an Chigire Príosún dúthrachtach i gcónaí faoina chinntiú go mbeidh freagrachtaí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 lárnach ina cuid gníomhaíochtaí ar fad. Rinneadh suirbhé ar Chomhlachtaí Poiblí a cuireadh i gcrích thar ceann Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) a chomhlánú agus a chur ar ais thar ceann an Chigire Príosún i mí Mheán Fómhair 2021.

9.5 Saoráil Faisnéise/GDPR

Fuarthas iarraidh amháin faoi Reachtaíocht FOI i gcaitheamh na bliana. Fuarthas dhá Iarraidh ar Rochtain ó Ábhair Shonraí faoin GDPR sa bhliain 2021.

9.6 Oiliúint

Thug baill foirne ar fad na Cigireachta faoi oiliúint chuimsitheach le linn na bliana dar tús an 15 Feabhra 2021. Forbraíodh oiliúint shaincheaptha i ndiaidh próiseas soláthair a cuireadh i gcrích le cúnamh ó Rannán Acmhainní Daonna na Roinne Dlí agus Cirt. Chuimsigh na seisiúin, a chuir Oiliúint La Touche ar fáil, naoi modúil i gcaitheamh cúig lá (trí lá i gcás na foirne um Thacaíocht Riaracháin). Áiríodh leis na príomhthéamaí cearta daonna i gcoitinne, an bonn dlí atá leis an gCigireacht bheith ann agus le feidhmeanna na Cigireachta agus an bonn dlí atá leis na feidhmeanna agus tuairisceoireacht a chomhlíonadh. I mí Feabhra na bliana 2021, chuir IPS oiliúint lá amháin ar fáil don OIP maidir le hionfhabhtú a rialú, feasacht ar shlándáil agus faisnéis maidir le heagraíocht IPS.